C/2025/6715

16.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12268 — EDF / NEOENERGIA / ENERGÉTICA ÁGUAS DA PEDRA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6715)

1. An 8 Nollaig 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EDF BRASIL HOLDING S.A. ('EDF Brasil', an Bhrasaíl), faoi rialú deiridh Électricité de France S.A. ('EDF Group', an Fhrainc) atá faoi rialú rialtas na Fraince,

— Neoenergia S.A. ('Neoenergia', an Bhrasaíl), faoi rialú deiridh Iberdrola S.A. ('Iberdrola', an Spáinn),

— Energética Águas da Pedra S.A. ('EAPSA', an Bhrasaíl), faoi úinéireacht Neoenergia faoi láthair.

Gheobhaidh EDF Brazil agus Neoenergia rialú comhpháirteach ar EAPSA de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é EDF Brasil fochuideachta Bhrasaíleach EDF Group. Is grúpa ilnáisiúnta é EDF Group atá gníomhach i ngach deighleog de mhargaí leictreachais. Bíonn EDF Brasil gníomhach san earnáil hidreafhuinnimh.

— Is é Neoenergia cuideachta sealbhaíochta Neoenergia Group, ina bhfuil cuideachtaí atá gníomhach i nginiúint, tarchur, tráchtálú agus dáileadh leictreachais sa Bhrasaíl. Is grúpa ilnáisiúnta fuinnimh é Iberdrola Group a bhfuil a cheanncheathrú sa Spáinn agus atá gníomhach i ngach deighleog de mhargaí leictreachais.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó EAPSA forbairt gníomhaíochta a bhaineann le giniúint leictreachais trí ghléasra cumhachta hidrileictrí UHE Dardanelos i stát Mato Grosso na Brasaíle, agus bainistiú na línte tarchuir sa réigiún céanna, chun an leictreachas a ghintear ag UHE Dardanelos a tharchur agus chun na críche sin amháin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12268 — EDF / NEOENERGIA / ENERGÉTICA ÁGUAS DA PEDRA JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË